



**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0316 (NLE)**

LIMITE

**ENV 1119
JUR 713
INF 198
ONU 76
RELEX 1361**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	13400/25
Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus i ndáil le teachtaireachtaí ACCC/C/2015/128 a bhaineann le rochtain ar an gceartas i ndáil le cinntí maidir leis an Státchabhair, ACCC/C/2013/96 a bhaineann le Tionscadail Leasa Choitinn, ACCC/C/2014/121 a bhaineann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus ACCC/C/2010/54 a bhaineann le Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh - Glacadh

1. Is é Coinbhinsiún CEE-NA maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil (Coinbhinsiún Aarhus) an t-aon ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí lena dtugtar cearta leathana nithiúla rannpháirtíochta i gcinnteoireacht agus rochtain ar fhaisnéis agus ceartas maidir leis an gcomhshaoil don phobal. Tionólfar an t-ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus (MOP8) ón 17 go dtí an 19 Samhain 2025 sa Ghinéiv. Is páirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus iad an tAontas agus na Ballstáit uile.

2. Faoi Choinbhinsiún Aarhus, cuireadh de chúram ar an gCoiste um Chomhlíonadh athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Choinbhinsiúin arna dhéanamh ag na Páirtithe, agus déantar cinntí maidir le neamhchomhlíonadh arna ndéanamh ag na Páirtithe sonracha a mheas agus a ghlacadh ag gach seisiún de Chruinniú na bPáirtithe. Tá Cinneadh VIII/8e a bhaineann le comhlíonadh a oibleagáidí arna dhéanamh ag an Aontas faoi Choinbhinsiún Aarhus, lena n-áirítear torthaí an Choiste um Chomhlíonadh i ndáil le Teachtaireacht ACCC/C/2015/128 i dtaca le rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil a mhéid a bhaineann le cinntí agus moltaí críochnaitheacha maidir le Státchabhair i gcinneadh VII/8f i ndáil le Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, Tionscadail Leasa Choitinn agus Treoir 2010/75/AE, tá an Cinneadh sin ar cheann de na míreanna ar chlár oibre MOP8.
3. An 30 Meán Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an ochtú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus i ndáil le teachtaireachtaí ACCC/C/2015/128 a bhaineann le rochtain ar an gceartas i ndáil le cinntí maidir leis an Státchabhair, ACCC/C/2013/96 a bhaineann le Tionscadail Leasa Choitinn, ACCC/C/2014/121 a bhaineann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus ACCC/C/2010/54 a bhaineann le Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh¹.
4. Scrúdaigh an Mheitheal um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta i leith an Chomhshaoil (CEE-NA Aarhus) an togra ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2025 agus scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaoil é an 6 Deireadh Fómhair 2025. Bunaithe ar an bplé a rinneadh ag an dá chruinniú sin agus ar bharúlacha na dtoscaireachtaí, d'ullmhaigh an Uachtaránacht téacs comhréitigh². Dearbhaíodh le nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta, ar tháinig deireadh leis an 13 Deireadh Fómhair 2025, go raibh tromlach cáilithe i bhfabhar an téacs chomhréitigh ón Uachtaránacht. Rinneadh athbhreithniú dlítheangeolaíoch ar an téacs³, ina ndearnadh na hathruithe in aithris 3, i measc rudaí eile, chun é a ailíniú le Cinneadh (AE) 2021/2271 ón gComhairle⁴.

¹ 13400/25.

² 13853/25.

³ 13931/25.

⁴ ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2271/oj>

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:
- (a) an dréachtchinneadh ón gComhairle a leagtar amach in 13931/25 (téacs ar chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air) a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na seisiúin a bheidh aici amach anseo;
 - (b) Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoin nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.
-